# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Déardaoin, 8 Bealtaine** **Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí Dé Máirt, **29 Aibreán**

**Treoracha**

Ceadaítear bileog A2 **amháin** de sceitsí ullmhúcháin a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don Phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Ní cheadaítear** áiseanna amhairc sa bhreis (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná saothar ealaíne réamhullmhaithe) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair orgánacha mheatacha a úsáid.

Ceadaítear úsáid a bhaint as pé meáin ealaíne agus as pé uirlisí a oireann chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do ch†olláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, t-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar an mbileog A2 seo de sceitsí ullmhúcháin agus is cóir duit iad sin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is féidir rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú, agus smaointe faoin gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** í seo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt**. Is cóir gach gné den dearadh 2T nó 3T a chur san áireamh, mar a oireann don cheist a roghnaigh tú, agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú. Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2, agus sceitsí amháin a úsáid, iad daite más maith leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog se sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Déan do chuid oibre ar aon taobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deiridh** **(80 marc)**

Cuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích le linn an scrúdaithe. Is cóir eolas ar bith a chur isteach a mheasann tú atá riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, agus tagairt shonrach a dhéanamh do na gnéithe físiúla, feidhmiúla agus ábhar do rogha ceardaíocht, in áit aird a dhíriú go hiomlán ar phíosa ealaíne, a bhfuil bailchríoch den scoth air, a tháirgeadh.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

-  An bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
-  An bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
-  An **Moladh Dearaidh Deireanach.**

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

'Bhuel' – Bhí fonn inste scéil ag teacht ar Turgut, de réir gach cosúlachta. 'Ní mian liom an scéal a chur chun leadráin, ach tá teoiric agam féin gur pearsa an-tábhachtach i stair Iostanbúl é Dracula. Tá a fhios againn gur choinnigh an Sabhdán Mehmed II ina ghiall é, agus é ina ghasúr, in Gallipoli, agus níos faide soir ina dhiaidh sin san Anatóil – ba é a athair féin a thug ar láimh é d'athair Mehmed, an Sabhdán Murad II, ina bhrá gill ar chonradh, ó 1442 go dtí 1448, sé bliana móra fada. Níorbh aon fhear uasal é athair Dracula, ach chomh beag.' Rinne Turgut maolgháire. 'Máistrí i gceird an chéasta ba ea na saighdiúirí a bhí i mbun Dracula a ghardáil, agus d'fhoghlaim sé an t-uafás uathu agus é ag faire orthu, ní foláir … creidim féin gur fhág sé a rian orthu siúd, chomh maith céanna.'

'Cad atá i gceist agat in ainm Chroim?' Bhí gearranáil ag teacht orm.

'Ón am sin ar aghaidh, nó thart air, tá tuairiscí ar taifead againn ar vaimpírí in Iostanbúl. Braithim – agus níl sé seo foilsithe fós, mo léan, ná aon chruthú agam air – ach braithim gurb iad na hOtamánaigh is túisce a d'ionsaigh sé, roinnt de na saighdiúirí sin a raibh sé mór leo, b'fhéidir…' Leath gealgháire ar aghaidh Turgut arís. 'Maith dom an scaothaireacht seo. Deir mo bhean nach féidir cur suas liom.' Chuir sé 'sláinte' in iúl le geáitse caolchúiseach cúirtéiseach sular ól sé súimín arís as an vása beag a bhí ina lámh aige. 'Ach go deimhin, tá cruthú agam ar aon rud amháin! Tá cruthú agam gur chuir a cháil mar vaimpír eagla ar na sabhdáin!' Dhírigh sé a aird i dtreo na síleála.

'Cruthú?' arsa mise.

'Sea! Tháinig mé air roinnt blianta ó shin. Bhí an dúspéis ag an sabhdán i Vlad Dracula agus bhailigh sé roinnt dá dhoiciméid agus dá thraipisí tar éis do Dracula bás a fháil in Wallachia. Mharaigh Dracula mórán saighdiúirí Turcacha ina thír dhúchais, agus bhí an ghráin ag an sabhdán air dá bharr sin, ach ní ar an mbonn sin a bhunaigh sé an chartlann seo. Ní hea! Scríobh an sabhdán litir, fiú, go dtí *pasha* Wallachia i 1478 á iarraidh air scríbhinní ar bith a bhí ar a eolas i dtaobh Dracula a chur chuige. Cén fáth? Toisc – ar sé siúd – go raibh sé ag cur leabharlann ar bun a throidfeadh in aghaidh an oilc a bhí scaipthe ina chathair féin ag Dracula tar éis bháis dó. Cén fáth, meas tú, a mbeadh eagla fós ar an sabhdán roimh Dracula agus Dracula marbh, munar chreid sé go bhféadfadh Dracula filleadh?' Bhuail sé dorn leis ar an mbord agus aoibh air. 'An leabharlann féin a bhunaigh sé chun troid in aghaidh an oilc, tá sí aimsithe agam.'

'Ach, mo léan, leagadh an foirgneamh breá ina raibh sé go talamh chun slí a dhéanamh do Roinn na mBóithre – tá ocht mbliana ó shin ann. Foirgneamh breá ar fad a bhí ann in aice leis an Mosc Gorm. Mór an trua ar fad.'

Bhraitheas go raibh an fhuil ag tréigean mo cheannaithe … 'Ach na doiciméid –?'

'Ná bíodh eagla ort … Rinne mé deimhin de go mbeidh siad i dtaisce sa Leabharlann Náisiúnta. Caithfear iad a chaomhnú, fiú mura dtugann duine ar bith eile an aird chéanna orthu agus a thugaimse … Tá lucht oilc fós sa chathair seo againne, mar atá ar fud an domhain …'

Bhí sé ina thost ar feadh roinnt nóiméad agus é ina shuí, snas á chur aige ar an bhforc idir a ordóg agus a chorrmhéar. Taobh amuigh den chailleach bhrící ina rabhamar, bhí carranna callánacha agus rothair ag imeacht ar séirse sna sráideanna a bhí dubh le daoine, iad ag teacht agus ag imeacht ar nós carachtar a bheadh ag gluaiseacht ar stáitse – mná faoi sciortaí scuabacha gréasacha, scaifeanna orthu agus fáinní órga ar crochadh lena gcluasa, nó gúnaí dubha orthu agus gruaig rua, na fir faoi chultacha Iartharacha, faoi charbhait agus léinte bána. Shroich leoithne chugainn ag an mbord den aer bog goirt, agus shamhlaigh mé longa ó cheithre hairde na hEoráise agus ollmhaitheasaí á dtabhairt acu go dtí croílár Impireachta – a bhí Críostaí ar dtús agus Ioslamach ina dhiaidh sin – agus iad á bhfeistiú le caladh sa chathair ar shroich na ballaí inti síos isteach sa bhfarraige féin. Daingean Vlad Dracula san fhoraois, agus na deasghnátha barbartha fuilteacha a bhain leis, déarfá gur mhór idir iad agus an saol ársa iltíreach seo. Níorbh aon ionadh go raibh an ghráin aige ar na Turcaigh, agus an ghráin acu siúd air, dar liom. Agus fós féin, nuair a chuirfeá san áireamh a raibh de cheardaíocht óir agus práis agus síoda ag Turcaigh Iostanbúl, a raibh de bhasáir agus de shiopaí leabhar acu, agus an iliomad tithe adhartha a bhí acu, caithfidh sé go raibh i bhfad níos mó cosúlachtaí iad agus na Críostaithe Biosántacha a bhí ceansaithe anseo acu, ná a bhí idir iad agus Vlad a thug a ndúshlán ó theorainn a chríche féin. Bhí cuma an alltáin san alltar air, i súile an té a bheadh i gcroílár an chultúir seo, gruagach de thuatháanaigh, ainbhiosán meánaoiseach. Chuimhnigh mé ar an bpictiúr de a bhí feicthe agam i gciclipéid sa bhaile – greanadh adhmaid de dhreach maorga agus croiméal air agus é frámaithe ag feisteas uasal. Paradacsa ba ea é.

Sliocht as *The Historian* le Elizabeth Kostova

**Sliocht B**

Níl ach an t-aon áit amháin inar féidir dul ar foscadh ón gcathair seo: i dteach caife. Ní hann do Vín gan tithe caife; ní hann do thithe caife gan Vín .

Tá siad ann fós, na hárais phléisiúir iontacha seo lán de scátháin, de thoilg leathair agus de bhallaí donna marmair, na háiteanna scóipiúla dlútha seo ina mbíonn na gloiní agus na cupáin ag clingeadh go féiltiúil ó cheann ceann an lae, ina mbíonn sé teolaí istoíche agus an sneachta fliuch á shéideadh in aghaidh na bhfuinneog, ina gcaitheann filí, mic léinn agus leabharchoimeádaithe a gcuid ama i gcomhluadar a chéile, ina mbíonn boladh caife agus *strudel* úll le fáil, inar féidir breathnú, labhairt, léamh nó stánadh idir an dá shúil ar do leannán.

Thart ar chasadh an chéid, bhí Vín ar cheann de chathracha úd na gcéadfaí, agus bhain na tithe caife go dlúth leis sin. 'B'fhusa a bheith i d'Eorpach anseo ná in aon áit eile,' a dúirt Stefan Zweig, agus mhínigh sé go raibh príomhnuachtáin na hEorpa ar fad sna tithe caife, 'chomh maith le móririsí liteartha agus cultúir an domhain uile.' Na tithe caife is mó a chuir dlús le héagsúlacht intleachtach Vín, a bhraith sé. Bhí cúrsaí polaitíochta sáinnithe go docht, agus cad a bhí le déanamh mar sin ach na cosa a thabhairt leat isteach san ealaín, isteach i lár an anama? 'Bhí an méid a bhí á shéideadh isteach ar an ngaoth go maith ar eolas againn, agus na polláirí ar leathadh againn de shíor. Thángamar ar an rud nua toisc gurb é an rud nua a bhí uainn, toisc go raibh cíocras orainn chun an rud a bhain linn féin amháin a aimsiú – an rud nár bhain le saol ár n-aithreacha.'

Bhíodh cúis éigin i gcónaí ann a chuireadh sceitimíní ar dhaoine ag na boird chaite seo. An dráma nua le hOskar Kokoschka áirithe … Nó foirgneamh lom sciamhach a dhear Adolf Loos agus é ar thóir na glaineachta úrnua. Nó an cumadóir ceoil Arnold Schonberg, a thug sciúrsáil don lucht éisteachta le tonúlachtaí nár chualathas cheana agus ar ligeadh na gártha fonóide leis ar a shlí amach as an halla – caitheadh na cathaoireacha féin leis.

Sliocht as *In Europe* le Geert Mak

**Sliocht C**

Shiúlamar ar ais trasna na páirce, dhreapamar an fál, thrasnaíomar an cabhsa agus chuamar isteach sa ghairdín múrtha trí Gheata Eoin mar a thugtar air, toisc go mbíodh Eoin ag an ngeata gach maidin ar a haon déag agus é ag caitheamh a phíopa, agus Fido ag bun na gcos aige ag feitheamh leis na crústaí óna cheapaire cáise. D'ardaigh sé a chaipín dá cheann chun beannú do Charlotte agus dom féin.

'Lá breá!' arsa Charlotte agus í ag cromadh chun peataíocht a dhéanamh ar Fido.

'Lá álainn ar fad,' arsa Eoin, ag sméideadh ar Charlotte – mar a dhéanfadh Gabriel Oak le Bathsheba – agus an geata á oscailt aige dúinn. Ní hé an gairdín múrtha a mbeifí ag súil leis, is dócha, i dteach atá chomh dúranta le Magna. Cuair agus rómánsachas ar fad is ea é, agus é sin go háirithe sa sneachta. Rinneamar ár mbealach timpeall ar an gcosán ab fhaide amuigh, agus ár mbuataisí ag brúscadh an tsneachta.

'Nach aisteach an rud é,' arsa Charlotte, 'teacht ar ghairdín chomh suaithinseach leis anseo. Le William Kent, an ea? Is ea, nach ea?'

'Um, is ea,' a dúirt mé agus aoibh orm. Mhúscail an t-ainm cuimhne éigin ionam, ar a laghad. 'Ar d'anam, a Charlotte, conas a chuimhníonn tú ar an eolas ar fad? Tá tú ag cur náire orm lena bhfuil d'eolas agat ar stair Mhagna.'

'An dream a chónaíonn i dtithe móra, bíonn an stair ar fad a bhaineann leo acu nó bíonn siad aineolach ar fad ina dtaobh. Is féidir cás a dhéanamh don dá thaobh, dar liom. Tá rud éigin an-ghalánta ag baint le cónaí in áit den mhéid seo agus gan tuairim faoin spéir agat cén uair a leagadh an chéad bhríce.'

Stadamar taobh leis an Apalló beag marmair, é ag gliúcaíocht amach os cionn ghairdín na gcnónna. Leag Charlotte lámh ar a chosa. Bhí lámhainn uirthi.

'Dá mhéad a bhíonn ar eolas ag duine, is ea is mó an scáth a chuireann sé air, is dócha,' ar sise.

'Nuair a bhíomar inár leanaí, thugadh Inigo agus mé féin ár gcuid ama sa ghairdín ag ithe torthaí go hamplach,' a dúirt mé. 'Agus na crainn iúir agus na fálta bosca – bhíodar déanta do chluichí agus mar áiteanna folaigh. Ní raibh aon chuid den ghairdín nach ndearnamar ár gcuid féin de.' Tharraing mé ar ghéag crainn úll agus shleamhnaigh orlach sneachta ar an talamh de phlab bog. 'Thugadh na mná uaisle … a gcuid ama ar fad anseo le linn an chogaidh ag piocadh torthaí. Bhíodh Mama ina seasamh thart agus í ag tabhairt orduithe gan aon fhonn riamh uirthi dul ceangailte san obair. Ní dhéanfadh cogadh ar bith seanchailleach di féin ná ní chuirfeadh sé crúba garbha na hoibre uirthi, a deireadh sí i gcónaí.'

Bhraith mé go mídhílis agus é sin a rá, ach ag an am céanna, thug an chaint faoiseamh dom.

Lig Charlotte liú aisti le gach rud – le géaga lúbarnacha na gcrann úll agus na gcrann silíní a bhí faoi ualach sneachta go fóill, le Mark Antony, an coileach agus é ag briseadh a chroí ag glaoch ó dhíon chró na gcearc – ach fós féin ba dhóigh leat uirthi, ar chuma aisteach, go raibh gach rud pleanáilte aici féin. D'oir a dreach don aimsir chrua; nuair a bhí dath dearg ar a srón agus dath bándearg ar a gruanna, bhí sí ar nós mainicín ó thosach na bpatrún cniotála a mbíodh Mary á bhfáil riamh tríd an bpost.

Threoraigh mé an bheirt againn isteach i gcoill na sí.

'Ar m'anam!' arsa Charlotte, agus í ag déanamh liathróide dá lán doirn de shneachta. Chromamar faoin gcéad mhogall géag, agus leanamar an chonair a bhí ag síneadh ina lúba tríd an gcoill agus a thabharfadh amach sinn ar deireadh thiar ag barr an chabhsa. Bhí an domhan ina bhlár bán agus airgid, agus bhí dath scarlóideach na gcaor cuilinn ris anseo is ansiúd. Ní fhéadfainn maidin chomh suaithinseach a phleanáil dá mhéid é mo dhícheall.

Sliocht as *The Lost Art of Weeping Secrets* le Eva Rice

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**
**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer do thaispeántas a dhéanann cultúr na dTurcach a cheiliúradh. Bíodh do smaointe bunaithe ar Shliocht A.

(b) Píosa litreoireachta do chomhartha a fhógraíonn an teach caife a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Léarscáil léirithe mar threoir do thurasóirí chun cuairt a thabhairt ar an teach agus ar na gairdíní a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta is fearr.
Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tig leat íomhánna, móitífeanna maisithe, focail agus litreoireacht thromchiallach a chur san áireamh.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid bunaithe ar cheann de na fíoracha atá luaite i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar an taobh istigh den teach caife a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Léaráid a léiríonn an radharc geimhridh a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an lionóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a úsáideann dhá dhath ar a laghad. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh dathdhealuithe san áireamh (más cuí) agus na cineálacha éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún a bheadh oiriúnach do 'sciorta scuabach gréasach' – ba chóir go mbeadh do dhearadh bunaithe ar íomhá, ar théama nó ar mhóitíf as Sliocht A.

(b) Athphatrún leath-thite d'éadach boird i gcaife i Vín, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Prionta fabraice a bheadh oiriúnach do scaif, bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ní mór don dearadh agat a bheith oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsailphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir úsáid a bhaint as trí dhath ar a laghad agus bíodh féidearthachtaí dearaidh na forphriontála san áireamh agat sa dearadh. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Brat balla bunaithe ar íomhá, ar théama nó ar mhóitíf as Sliocht A.

(b) Púic tae bhróidnithe atá bunaithe ar Shliocht B. Féadfaidh cibé múnla, méid nó cruth a mheasann tú atá cuí a bheith ar an taephota.

(c) Dealbhóireacht bhog thríthoiseach bunaithe ar aon cheann de na sleachta tuairisciúla. Ní mór nasc soiléir a bheith idir do dhearadh agus an sliocht a roghnaíonn tú.

Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis/brat balla bunaithe ar na híomhánna san alt deireanach i Sliocht A.

(b) Teicstíl fhite bunaithe ar an alt deireanach i Sliocht C.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go mbeadh eolas ann ar an bhfí agus ar na hábhair atá le húsáid. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Árthach bunaithe ar an Mosc Gorm – Sliocht A.

(b) Plaic bhalla don taobh amuigh de Theach Caife i Vín. Ba chóir go ndéanfadh an phlaic comóradh ar an mbaint atá duine de na pearsana cáiliúla atá luaite i Sliocht B leis an teach.

(c) Babhla maisithe chun uibheacha nó torthaí a choimeád, bunaithe ar Shliocht C.

Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na teicníochtaí a mbainfear leas astu chun do dhearadh a chur i gcrích. Luaigh sonraí na nglónraí agus an mhaisiúcháin atá le húsáid.

**7. Puipéadacht**

Bunaithe ar do léamh ar na sleachta tuairisciúla, dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An Sabhdán – Sliocht A

(b) An Cumadóir Ceoil **nó** An File – Sliocht B.

(c) Eoin an Garraíodóir – Sliocht C.

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad téide. Tig leat oibriú de réir scála agus ba chóir toisí a thaispeáint. Tabhair le fios cén chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus cén chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Luaigh sonraí na n-ábhar atá i gceist agus na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán bosca chun doiciméid agus traipisí Dracula a choimeád – Sliocht A.

(b) Cás cumhdaigh chun na hirisí cultúir ó gach áit ar fud an domhain a thaispeáint – Sliocht B.

(c) Fillteán doicimé ad chun nótaí garraíodóireachta a choimeád – Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh críochnaithe na toisí, mar aon le sonraí maidir leis na hábhair, leis an gceangal/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, íomhánna/maisiú agus/nó litreoireacht atá oiriúnach don rogha a dhéanann tú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar an léamh a dhéanann tú ar na sleachta tuairisciúla, déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer a fhógraíonn Comhdháil Vaimpírí, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Sainchomhartha grafach/lógó do Theach Caife i Vín – Sliocht B.

(c) Forchlúdach leabhair do leabhar dar teideal 'Tithe Móra na hÉireann agus a gcuid Gairdíní'. Bíodh sé bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh críochnaithe, toisí agus eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe don bhealach isteach i mbasár in Iostanbúl – Sliocht A.

(b) Lárphíosa scairdeáin, bunaithe ar 'Vín, Cathair an Cheoil' – Sliocht B.

(c) Píosa dealbhóireachta a sheasann uaidh féin de mháthair an tráchtaire i Sliocht C.

Tig leat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith eile. Oibrigh de réir scála, agus taispeáin na toisí agus eolas cuí maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí atá le húsáid i gcur i gcrích do dhearaidh.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit scannáin do scannán bunaithe ar fhinscéal Vlad Dracula – Sliocht A

(a) Seit stáitse do dhráma grinn sa chaife a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Mionsamhail thríthoiseach de Theach Mór agus dá Ghairdíní le cur ar taispeáint i bhfuinneog in oifig ailtire. Bíodh sí bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir oibriú de réir scála agus toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.